AN CÚIGIÚ COMHDHÁIL NÁISIÚNTA IONCHÚISITHEOIRÍ
SATHARN 22 BEALTAINE 2004

AITHEASC TOSAIGH JAMES HAMILTON,
AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ

RÉAMHRÁ

Is mian liom fáilte a chur romhaibh ar fad chuig an gCúigiú Comhdháil Náisiúnta Ionchúisitheoirí. Is ionchúisitheoirí an chuid is mó agaibh agus áirítear air sin foireann dlí m'oifige, abhcóidí a feidhmíonn don ionchúiseamh os comhair na gcúirteanna chomh maith leis na haturnaetha stáit áitiúla a fheidhmíonn don Stát lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in imeachtaí coiriúla chomh maith le himeachtaí sibhialta. Is mian liom fáilte a chur freisin roimh na daoine sin atá ag an gComhdháil agus cé nach ionchúisitheoirí iad, tá suim acu i bhfeidhmiú éifeachtach an chórais dlí agus cirt choiriúil. Cuirim fáilte freisin roimh ionadaithe ón nGarda Síochána, as Oifig an Ard Aighne, as an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus lucht acadaimh gradamúil dlí as na scoileanna dlí. Is idirghníomhú an-luachmhar an t-idirghníomhú idir na daoine éagsúla sin ar fad ar leas leo an córas dlí agus cirt.

Ó bhí an Chomhdháil deiridh ann b'údar bróin dúinn bás tobann tubaisteach Eamon Leahy AS. Labhair Éamonn anuraidh ag an gComdháil agus thug sé tacaíocht láidir don imeacht ó bunaíodh í. Duine mór groí a bhí in Eamon, cainteoir den scoth agus dlíodóir a raibh an–acmhainn grinn aige agus scoth na hintleachta. Ba mhór an buille a bhás don Dlí, don chóras dlí agus cirt in Éirinn agus go háirithe don tseirbhís ionchúisimh ar fheidhmigh sé di go minic chomh maith le bheith ina bhuille tubaisteach don saol poiblí go ginearálta. Thar mo cheann féin agus thar ceann na hOifige agus na Comhdhála seo cásaím a bhás lena bhaintreach Mary agus a chlann.

Díríonn an Chomhdháil arís i mbliana ar ábhar aonair, is é sin ionchúisimh cionta a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí. Tá súil againn go gcuideoidh an Chomhdháil le díospóireacht mhaith ar an ábhar tábhachtach seo. Go minic ní chothaíonn an tuairisciú a bhíonn ar na cásanna seo sa phreas fairising ach geiteacht agus ní bhíonn ann ach tuairisciú ar na gnéithe gríostachta de na cásanna agus cáineadh ar an gcosantóir. Is é an aidhm atá ag an gComhdháil ná breathnú níos fuarchúisí a dhéanamh ar roinnt ceisteanna tábhachtacha a eascraíonn as cásanna pornagrafaíochta leanaí.
Ceisteanna mar – cad é an ghnáthphróifíl shíceolaíoch a bhíonn ag ciontóirí? Cad a thugann ar dhaoine an cion seo a dhéanamh? Cad é an nasc atá idir rochtain a fháil ar íomhánna leanaí ar an Idirlíon agus cionta eile, lena n-áirítear mí-úsaíd iarbhír leanaí? Cad iad na critéir chuí ba chóir a úsáid agus ciontóirí a bpionósú. Cad é an dóchúlacht gur féidir athshlánú a dhéanamh ar chiontóirí? Cad iad na deiseanna atá ann faoi láthair chun lorg úsáid ríomhaire chun rochtain a fháil ar phornagrafaíocht leanaí a leanacht agus an t-ábhar a chruthú sa chúirt? Tá sé i gceist againn freisin léargas comparáideach a thabhairt ar an gcleachtas ó thaobh ionchúiseamh chásanna pornagrafaíochta leanaí sa Ríocht Aontaithe.

Tarraingím bhur n-aird ar athrú amháin atá déanta ar an gclár. Ní bheidh an tOllamh Taylor as tionscadal COPINE i gColáiste na hOllscoile Corcaigh in ann a bheith ag an gComhdháil. Ina áit beidh cur i láthair again ó B/Cheannfort
Eugene Gallagher, ar abhcóide oilte é agus ón B/Seáirsint John Finan. Is as an Aonad Fiosraithe Coireanna Ríomhaire de chuid Bhiúró Fhiosraithe Calaoise an Gharda an bheirt acu agus labhróidh siad ar "Digital Evidence and Computer Forensics". Táim faoi chomaoin acu faoi láthair ar fhógra chomh gairid. Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh lenár gcainteoirí eile An Dr. Pat Walsh as an Granada Institute, Tom O'Malley as Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Domhnall Murray as an Oifig seo agus Esther George as an Crown Prosecution Service of England and Wales, agus buíochas a ghlacadh le Mary Ellen Ring, S.C., as cathaoirleacht a dhéanamh ar sheisiún na maidine.

DÍSPEAGADH CÚIRTE

Thagair mé cúpla nóiméad ó shin don chlaonadh in eilimintí áirithe de na meáin béim a leagan ar ghnéithe graostacha de chásanna pornagrafaíochta leanaí. Ach braithim áfach go bhfuil an scéal mar a chéile maidir le trialacha coiriúla go ginearálta. Le bliain anuas bhí samplaí fairsinge ann de thuairisciú míchuí sna meáin ar chásanna coiriúla. Siúd is go leanann cuid mhaith nuachtán agus craoltóirí ag cloí le caighdeáin freagracha, tréith a bhaineadh tráth leis na meáin ar fad in Éirinn tá níos mó agus níos mó acu nach bhfuil ag comhlíonadh na gcaighdeán sin. Tá eagla orm go bhfuil roinnt eilimintí de na meáin atá meáite ar na droch-chaighdeáin atá ag an iriseoireacht tablóide sa dlínse gar dúinn a chleachtadh.

Dá bharr sin bhí orm dul i muinín dlínse dhíspeagadh na gcúirteanna níos minice ná riamh anuraidh. Rinne cuid de na foilseacháin atá i gceist dochar ceart laistigh de chóras dlí choiriúil. Le dhá mhí dhéag b'éigean trialacha giúire seachtar nó ochtar cosantóirí a chur siar ag an nóiméad deireanach de bharr ábhar dochar a bheith á fhoilsiú díreach roimh dháta na trialach. Ní dhéantar é sin a phoibliú go hiondúil ar mhaithe le gan tuilleadh dochair a dhéanamh. Ar ámharaí an tsaoil ní raibh cás fós againn ina ndearna cúirt cosc buan ar thrial de bharr phoiblíocht réamhtrialach. Mar sin féin rinneadh damáiste ceart sa chás gurbh éigean cás a chur siar. Tá sé neamhchothrom do leasanna mhuintir na hÉireann, a ndéanann an t-ionchúiseamh uiríolla orthu chomh maith le leasanna an chosantóra. Dá mhéad moille a chuirtear ar thrial is ea is lú sásaimh an próiseas. Chonacamar cásanna freisin ina ndearnadh daoine a bhí cúisithe a aithint (leanaí san áireamh) ainneoin cosc reachtúil nó orduithe cúirte ag cur coisc orthu sin a dhéanamh. I gcásanna eile d'fhoilsigh foilseacháin áirithe ábhar argóna agus iarratais a rinne agus an giúiré as láthair agus trial fós ar bun. I ndiaidh an triail dúnorgain le gairid os comhair an Bhreithimh Michael White fuarthas trí fhoilseachán ciontach i ndíspeagadh cúirte ainneoin gur thug an Breitheamh rabhadh agus treoracha soiléire sonracha agus láidre roinnt uaireanta le linn na trialach do na meáin agus gur bhreithnigh sé (ach d'athraigh a intinn) faoi chosc iomlán a fhorchur ar thuairisciú go dtí tar éis na trialach. An uair sin ar threoir uaimse rinne m'abhcóidse ar threoir uaimse argóint ina aghaidh chosc iomlán ar an bhforas go mbeadh sé neamhchothrom pionós a ghearradh orthu sin a d'fheidhmigh go freagrach.

Níl sna cásanna a bhfuil ionchúiseamh déanta orthu faoi dhíspeagadh ach sop in ionad na scuaibe. Chomh maith leis na cásanna sin tharla samplaí de thuairisciú neamhchruinn, sceiteach agus go deimhin graostach ach go mbeadh sé deacair a chruthú go raibh sé i gceist dochar a dhéanamh agus nár ionchúisíodh iad mar sin ó thaobh díspeagadh.

Tá an dlí maidir le díspeagadh cúirte ar go leor bealaí neamhshoiléir agus theastódh é a leasú. Déanann sé sin obair an ionchúisitheora nó an bhreithimh níos deacra nuair a bhítear ag déileáil le díspeagadh cúirte. Le bheith cothrom le hiriseoirí ní dhéanann sé a gcuid oibresean tada níos éasca agus bíonn bá agam le hiriseoirí a bhíonn ag gearán nach mbíonn raon a bhféadann siad a thuairisciú soiléir go minic.

Bíonn fadhb faoi leith ann maidir le cásanna ina mbíonn ionchúiseamh le tarlú ach nach mbíonn sé tosaithe. Sa chás le gairid *DPP v Independent Newspapers Ireland Limited and others* chinn an Breitheamh Kelly d'uireasa reachtaíocht gan an dlí faoi dhíspeagadh a shíneadh chuig cásanna nach mbíonn na cúisimh leagtha. Bhain na cásanna le cosantóirí ar leanaí iad a ainmniú agus nach bhféadfaí iad a ainmniú nuair a thosódh na cásanna féin. Chomh fada siar le Meán Fómhair 1994 thuairisc an Coimisiún ar an Athchóiriú Dlí ar an dlí díspeagtha agus chuir chun cinn moladh cuimsitheach maidir le leasú reachtúil lena n-áirítear moladh go mbeadh feidhm leis an dlí díspeagtha sa chás go mbeadh imeachtaí díreach le tosú. Tá clár mór reachtaíochta glactha air féin ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí agus tá léirithe aige go bhfuil sé tiomanta an dlí a athchóiriú. Tá drogall orm a iarraidh air tionscadal eile a ghlacadh air féin ach mar sin féin beagnach deich mbliana tar éis don Choimisiún Athchóirithe Dlí a thuarascáil a chur ar fáil tá sé thar am ag an Oireachtas déileáil leis an riachtanas práinneach atá ann leasú a dhéanamh ar na dlíthe díspeagtha cúirte.

Creidim go léiríonn tuairisciú geiteach nach bhfuil i bhfad ó dhíspeagadh an gá atá le Comhairle Preasa agus fáiltím roimh gheallúint an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí go dtabharfaí sé moltaí chun cinn maidir le Comhairle Preasa a bhunú an bhliain seo chugainn.

MOILL SNA CÚIRTEANNA

Táim ag iarraidh díriú ar ábhar eile. Is é sin an fhadhb leanúnach a bhaineann le moill sna cúirteanna coiriúla. Sa Phríomh-Chúirt Choiriúil an t-eolas is deireanaí atá agam léiríonn sé gurb é an líon iomlán cásanna anois atá ag fanacht le triail ná 141, in aghaidh 220 an Meán Fómhair seo caite. Tá dáta trialach á thabhairt anois do chásanna laistigh de dhá mhí dhéag i gcomparáid le hocht mí dhéag an t-am seo anuraidh. Tá an feabhas sin tarlaithe de bharr an chinnidh a rinne an Breitheamh Paul Carney agus a chuid comhghleacaithe suí speisialta de chuid na cúirte a thionól le linn shaoire an tsamhraidh, an Meán Fómhair seo caite chun cuid de na riaráistí a ghlanadh. Léiríonn sé freisin meath ar líon na gcásanna nua. Ach ní féidir a bheith sásta fós leis an scéal mar atá sé. Tá dhá mhí dhéag fós i bhfad rófhada nuair a ghlactar san áireamh nach socraítear an dáta go dtí go mbíonn an cás réidh le cur ar

triail agus sin roinnt blianta tar éis coir a bheith déanta. De na trialacha atá socraithe anois do 2004 baineann níos mó ná an ceathrú cuid acu a cuireadh ar aghaidh lena dtriail in 2001 nó níos luaithe. Ag glacadh san áireamh an t-am sula gcuirtear cás ar aghaidh lena thrial ní éistítear thart ar an ceathrú cuid de chásanna go ceann ar a laghad ceithre bliana tar éis coir a bheith tuairiscithe.

Ar an dara dul síos is rud amháín dáta do chás a shocrú ach is rud eile é a éisteacht go hiarbhír. As na 119 cás a bhí liostaithe sa Phríomh-Chúirt Choiriúil idir an Meán Fómhair seo caite agus Aibreán seo aite b'éigean 20 a chur siar mar nach raibh aon bhreitheamh ar fáil lena n-éisteacht. Sin os cionn cás i ngach sé cinn. Ar na 20 cás sin bhí 13 cás d'éigniú agus 7 gcinn de dhúnmharú. Nuair nach sroichtear cás caitear dáta a shocrú arís agus tosaíonn an mhoill a bhreathnaíonn chomh fada sin d'fhulaingeoirí ó thaobh a gcuid cásanna a éisteacht. De na 119 cás a liostaíodh idir Meán Fómhair agus Aibreán bhí 11 acu liostaithe roimhe sin do thriail. An téarma seo caite bhí 52 liostaithe do thriail. Níor éistíodh 14 acu mar nach raibh aon bhreitheamh ar fáil lena n-éisteacht. Bhain deich gcinn acu le trialacha d'éigniú. Is é mo thuairimse nach bhfuil dóthain breithiúna sannta do thrialacha coiriúla. Teastaíonn níos mó breithniúna uainn nó sin caithfimid níos mó tosaíochta a thabhairt do thrialacha coiriúla thar thrialacha sibhialta. Is é mo thuairimse go bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint le cásanna coiriúla a éisteacht go tapa agus gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh thar a bheith ag réiteach díospóidí sibhialta.

Is fadhb freisin moill ar dháta trialach a fháil sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Is beag cásanna anois a éistítear sa chúirt sin. Bíonn an claonadh ag baint leo áfach go mbíonn siad fada agus go mbíonn níos mó ná cosantóir amháin i gceist. Faoi láthair tá 10 dtrial liostaithe agus trí cinn eile ina bhfuil daoine cúisithe. Baineann líomaintí faoi ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta leo ar fad agus baineann gníomhaíocht phoblachtánach easaontach leo ar fad ach ceann amháin. Faoi láthair tá dátaí socraithe go ceann cúig mhí dhéag, sin trial ocht mí dhéag tar éis an chúisimh. Murar féidir déileáil go tapa le trialacha sa Chúirt Choiriúil Speisialta bíonn sé an-deacair ag an ionchúisitheoir cur in aghaidh bannaí fiú sa chás go gcreideann na Gardaí go leanann na cosantóirí gníomhach i ngrúpaí poblachtánacha easaontacha.

Tá an scéal sa Chúirt Chuarda níos neamhchothroime. Is é an deascéala nach bhfuil aon mhoill mhór sa Chúirt Choiriúil Chuarda i mBaile Átha Cliath, áit a ndéileáiltear le leath na gcoireanna sa Stát. Glacann cásanna i gCorcaigh sé mhí a theacht chun cinn. Tá riaráistí móra áfach in ionaid eile sa tír lena n-áirítear Luimneach, Port Láirge agus Trá Lí. Tá roinnt cúiseanna leis sin. Seasann trialacha níos faide. Bíonn abhcóidí sinsearacha gafa níos minice. Tá breithiúna Cúirte Dúiche ag diúltú dlínse níos minice ná bhídís rud a mhéadaíonn ualach ar an gCúirt Chuarda. Táim ag ceapadh, cé nach bhfuil aon eolas staitistiúil agam le tacú le mo thuairim, go bhfuil páirt ag an méadú ar an uirbeachas ar mhór-ionaid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar an scéal. Idir an dá linn siúd is go bhfuil beirt bhreithiúna sannta anois ar an gcuid is mó de na cuardaí in áit duine mar a bhíodh níl dóthain ama sannta chun déileáil le gnó coiriúil. Is é a thiomáineann liostú cásanna ná breitheamh a bheith ar fáil (nó uaireanta abhcóide)

seachas an riachtanas an cás a éisteacht. Uaireanta ní féidir cásanna a ghlacfaidh am a shocrú isteach agus cuirtear siar iad ó sheisiún go seisiún ar feadh achar fada.

An deireadh a bhíonn aige sin ar fad ná an riachtanas atá le bainistíocht níos fearr ar chásualach na Cúirte Cuarda tríd is tríd. Is dóigh nach bhfuil sé cothrom ar na breithiúna áitiúla a bhíonn sannta chuig na cuardaí a bheith ag súil go socróidís isteach an oiread cásanna agus is féidir leo san am atá ar fáil dóibh gan aon smacht a bheith ag aon duine ar an bpictiúr mór. D'fhéadfadh tionóil chúirteanna a bheith ann ar ghá breitheamh nó dhó a shannadh ann ar bhonn sealadach go dtí go mbeadh na riaráistí glanta.

NOCHTADH

Ba mhaith liom tagairt go hachomair sula gcríochnóidh mé d'ábhar amháin agus cé go bhfuil sé teicniúil tá sé tábhachtach. Baineann sé leis an dualgas atá orainn mar ionchúisitheoirí maidir le hábhar a nochtadh don chosantóir. Tá an cheist seo breithnithe ag na cúirteanna i go leor cásanna le roinnt blianta. Go deimhin thug George Birmingham SC páipéar ag an gcomhdháil anuraidh faoin gcásdlí is deireanaí. Idir an dá linn bhí tuilleadh cásanna ann sna hardchúirteanna ag déileáili le ceisteanna faoi anáilthástáil in ionchúisimh tiomháint mheisciúil i measc nithe eile. Tagann ceisteanna chun cinn fós sa réimse a bhaineann le nochtadh troitheáiste dlúth-theilifís dúnta agus a chruthaíonn de bharr forbairtí le gairid sa teicneolaíocht agus leathanchosanta fadhbanna loighisticúla agus daoine don ionchúisitheoir. Go deimhin tá ceisteana nochtaidh a theagmhaíonn le hábhar na comhdhála , le hionchúiseamh pornagrafaíochta leanaí a dtagrófar dóibh níos déanaí inniu.

Mar ionchúisitheoirí tuigimid gur féidir lenár ndualgas nochtaidh a bheith an-trom agus is réimse é lena gcaitear níos mó agus níos mó ama ag breithniú agus ag déileáil le hiarrataí ó chosantóirí. Déileálann an Ráiteas Treoracha d'Ionchúisitheoirí a d'fhoilsigh mé i nDeireadh Fómhair 2001 go sonrach le déileáil le nochtadh a bhaineann ar ndóigh le hionchúisimh sna cúirteanna ar fad. Tá curtha leis ag treoracha éagsúla ar thopaicí aonair a d'eisigh m'Oifig ó am go chéile. Go minic tagann ceisteanna chun cinn ar chomhaid a fhéachann díreach go maith agus a bhaineann le nochtadh ar ábhar a bhraitheann an Garda Síochána a bheith íogaireach agus a chruthódh riosca de chineál éigin. Má bhraitheann an Garda Síochána go mbainfeadh fadhb le nochtadh eolas áirithe éigin tá sé tábhachtach go n-inseoidís é sin dúinn agus iad ag cur an chomhaid isteach. Sa chás nach mbeadh aon duine agaibh cinnte faoin mbealach is fearr le déileáil le hiarratas ar nochtadh beidh mo chuid oifigeach gairmiúil sásta déileáil le ceisteanna uaibh agus cibé treoir a thabhairt is féidir leo. Má bhíonn amhras oraibh b'fhearr liom dá lorgódh sibh treoracha.

Mar fhocal scoir fáiltím romhaibh arís agus tá súil agam go mbainfidh sibh tairbhe agus taitneamh as an gcomhdháil.